Neart

Supporting mental health in post-primary schools

JIGSAW
Young people's health in mind

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Paca faisnéise Neart
## do cheannairí scoile



Neart

Supporting mental health in post-primary schools

# Paca faisnéise Neart
## do cheannairí scoile

An Roinn Oideachais
Department of Education

JIGSAW Young people's health in mind

## Fáilte go Neart – Tacaí meabhairshláinte Jigsaw d'iar-bhunscoileanna

Ag obair dó i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)/an Roinn Oideachais, soláthraíonn Jigsaw sraith chuimsitheach acmhainní meabhairshláinte agus folláine, oiliúna meabhairshláinte agus folláine agus clár meabhairshláinte agus folláine d'iar-bhunscoileanna. Sna trí bliana romhainn, cabhróidh Neart le scoileanna deiseanna foghlama a thabhairt do dhaltaí lena ndéantar an mheabhairshláinte agus an fholláine a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, soláthrófar le Neart seimineáir Ghréasáin éagsúla ar an meabhairshláinte agus cúrsaí ríomhfhoghlama éagsúla ar an meabhairshláinte do thuismitheoirí agus do bhaill foirne scoile. Comhlánóidh ár gcuid oibre na tacaí atá ar fáil cheana i scoileanna, lena n-áirítear treoirchomhairleoireacht a sholáthar, obair SNSO, curaclam OSPS agus cláir agus tionscnaimh folláine eile atá ann cheana féin, lena n-áirítear struchtúr na bhFoirne Tacaíochta Daltaí.

## Cur chuige solúbtha il-chomhpháirte:

Tá tacaí a thugtar do **gach ball foirne scoile** ábhartha dóibh siúd a bhfuil freagrachtaí teagaisc ábhair orthu agus dóibh siúd a bhfuil freagrachtaí breise orthu lasmuigh den seomra ranga. Áirítear leo sin, mar shampla, séiplínigh, comhordaitheoirí teagmhála, baile agus an phobail, múinteoirí tacaíochta iompraíochta, comhordaitheoirí folláine, Cinn Bhliana, múinteoirí riachtanas speisialta oideachais, treoraithe riachtanas speisialta oideachais, treoirchomhairleoirí, meáncheannairí sa scoil agus an fhoireann ardbhainistíochta. Tagraíonn an téarma **'gach ball foirne scoile'** freisin do bhaill foirne neamhtheagaisc amhail cúntóirí riachtanas speisialta, baill foirne an Chláir Críochnaithe Scoile, oifigigh chléireachais, baill foirne airíochais agus cothabhála, glantóirí, lónadóirí, leabharlannaithe agus baill foirne choimhdeacha eile a thacaíonn le hobair na scoile.


I gcás baill foirne scoile a **bhfuil freagrachtaí sonracha teagaisc orthu** as OSPS agus as folláine mar chuid de chlár na hIdirbhliana, soláthraítear le Neart tacaí scoile le haghaidh an fholláine a chur chun cinn, agus iad ailínithe leis an Leanúntas Tacaíochta atá leagtha amach sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais (lch. 14) https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/24725/07cc07626f6a426eb6eab4c523fb2ee2.pdf#page=null

Áirítear leo sin ***'Tacaí do gach duine'***, ar tacaí uilíocha iad, i.e., 'Tacaíocht scoile uile do chur chun cinn na folláine, lena n-áirítear cosc a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach agus ar scileanna chun déileáil le deacrachtaí do gach duine'. Is iad múinteoirí a ghlac páirt in oiliúint agus a thug faoi oiliúint mar chuid dár dtairiscintí cláir a sholáthróidh cláir uilíocha agus ceachtanna uilíocha do dhaltaí sa seomra ranga. Measaimid gurb é sin an cur chuige is inbhuanaithe, agus é ag cur le hacmhainn na múinteoirí chun seisiúin uilíocha agus cláir uilíocha a sholáthar sa seomra ranga. Chuireamar raon acmhainní agus oiliúna do bhaill foirne scoile ar áireamh freisin chun tacú leis an gcur chuige uilíoch sin.

Chomh maith leis sin, tugtar aird ar leith inár gcur chuige ar fheabhas a chur ar oiliúint agus tacaíocht d'Fhoirne Tacaíochta Daltaí ar fud roinnt réimsí agus, go háirithe, ar raon oiliúna agus acmhainní atá faoi stiúir ag cliniceoirí a sholáthar chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'Fhoirne Tacaíochta Daltaí maidir le ***'Tacaíocht do Gach Duine'*** agus maidir le ***'Tacaíocht do Roinnt Daoine'***, i.e., 'Sainaithint, cosc spriocdhírithe agus luath-idirghabháil dóibh siúd atá i mbaol'. Laistigh den oiliúint sin, is amhlaidh freisin a thabharfaidh ár gcliniceoirí a bhfuil taithí acu comhairle agus treoir d'Fhoirne Tacaíochta Daltaí agus a shainaithneoidh siad conairí cuí atreoraithe lena dtabharfar aghaidh ar 'Idirghabháil atá spriocdhírithe agus bunaithe ar an duine aonair do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais níos casta agus níos leanúnaí acu', i.e., ***'Tacaí do Bheagán Daoine'***.

Tá ***tuismitheoirí/caomhnóirí*** ina ngeallsealbhóirí ríthábhachtacha freisin maidir leis an meabhairshláinte agus an fholláine i scoileanna. Le Neart, soláthraítear tacaí éagsúla do thuismitheoirí/do chaomhnóirí trí shraith podchraoltaí agus trí shraith seimineár Gréasáin beo. Soláthrófar Foireann Uirlisí Idirghníomhacha do scoileanna freisin chun tacú leo feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí le scoileanna.

Ar an iomlán, comhlánaítear lenár gcur chuige il-chomhpháirte ***ceithre réimse na folláine*** (atá ar áireamh thíos) atá laistigh den Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais (lch. 16), i.e., cultúr agus timpeallacht, curaclam (teagasc agus foghlaim), polasaí agus pleanáil, agus caidrimh agus páirtnéireachtaí.




**Cultúr & Timpeallacht**
- Misean agus Éiteas
- Timpeallacht agus cultúr na scoile agus an ranga
- Caighdeán agus úsáid an fhoirgnimh agus tailte na scoile

**Curaclam (Teagasc & Foghlaim)**
- Foghlaim sheach-churaclam
- Foghlaim churaclam
- Tacaíochtaí don phleanáil
- Monatóireacht

**Polasaí & Pleanáil**
- Gach polasaí a bhaineann le folláine
- Gach plean a bhaineann le folláine
- Féinmheastóireacht scoile & lárionaid
- Forbairt ghairmiúil leanúnach

**Caidrimh & Páirtnéireachtaí**
- Caidrimh scoláirí agus mhúinteoirí
- Caidrimh phiaraí
- Guth an scoláire
- Comhpháirtíochtaí - foireann, leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí/caomhnóirí
- Comhpháirtíochtaí le scoileanna eile
- Comhpháirtíochtaí leis an bpobal
- Tacaíochtaí seachtracha

## Tacaí a sholáthraítear le Neart:

| Spriocphobal | Cuspóirí Neart: |
| --- | --- |
| **Tacaí do dhaltaí – trí oiliúint múinteoirí chun cláir rangbhunaithe a sholáthar** | - Feabhas a chur ar acmhainn na bhFoirne Tacaíochta Daltaí chun glór na ndaoine óga a lorg go gníomhach i ndáil leis an bhfolláine agus an mheahairs-hláinte i scoileanna agus chun freagairt go gníomhach don ghlór sin<br>- Oiliúint a chur ar mhúinteoirí chun cláir rangbhunaithe a sholáthar, rud lena soláthrófar deiseanna foghlama dá réir do dhaltaí lena gcuirfear an mheabhair-shláinte agus an fholláine chun cinn. |
| **Tacaí do bhaill foirne scoile** | - Deiseanna ríomhfhoghlama a sholáthar do bhaill foirne ar chur chun cinn na meabhairshláinte agus na folláine<br>- Cur le hacmhainn na foirne chun cineálacha cur chuige scoile uile a chur chun cinn i leith na feasachta ar an bhfolláine agus ar an meabhairshláinte<br>- Feabhas a chur ar an oiliúint agus an tacaíocht d'Fhoirne Tacaíochta Daltaí chun feasacht a mhéadú ar an meabhairshláinte dhearfach agus ar an bhfolláine dhearfach<br>- Seimineáir Ghréasáin agus cúrsaí ríomhfhoghlama ar an bhfolláine agus ar an bhféinchúram a sholáthar do bhaill foirne scoile. |
| **Tacaí do thuismitheoirí/ do chaomhnóirí** | - Feabhas a chur ar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/na gcúramóirí i dtionscnaimh folláine sa scoil agus ar a rannpháirteachas san fholláine agus an mheabhairshláinte a chur chun cinn i bpobal na scoile<br>- Feabhas a chur ar Fhoirne Tacaíochta Daltaí chun glór na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí a lorg go gníomhach i ndáil leis an bhfolláine agus an mheabhairshláinte i scoileanna agus chun freagairt go gníomhach don ghlór sin<br>- Síocoideachas ar chur chun cinn na folláine/na meabhairshláinte a sholáthar do thuism-itheoirí trí sheimineáir Ghréasáin, trí phodchraoltaí agus trí dheiseanna ríomhfhoghlama. |

## Conas is féidir le do scoil leas a bhaint as na tacaí agus na cláir atá ar fáil trí Neart:

Leagtar amach sa tábla thíos an amlíne le haghaidh cén uair a chuirfear réimsí cláir ar fáil do scoileanna sa bhliain 2025.

Chun an leas is fearr a bhaint as na tacaí atá ar fáil trí Neart, molann SNSO go gcuirfeadh Foireann Tacaíochta Daltaí do scoile na treoirlínte d'Fhoirne Tacaíochta Daltaí (gov.ie – Acmhainní agus Foilseacháin ón tSeirbhís Náisiúnta Síceo-laíochta Oideachais (SNSO)) chun feidhme agus/nó gur bhain sí leas as an oiliúint atá ar fáil ó SNSO. Déan teagmháil le do Shíceolaí de chuid SNSO nó le d'oifig áitiúil de chuid SNSO chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Moltar freisin gur thionscain do scoil timthriall athbh-reithnithe agus forbartha le haghaidh chur chun cinn na folláine trí Fhéinmheastóireacht Scoile (FMS) a úsáid. Féach gov.ie – Folláine san oideachas chun tuilleadh faisnéise a fháil agus chun amharc ar fhíseáin ar Mhachnaimh ar an bPróiseas Féinmheastóireachta Scoile (FMS) a Úsáid chun Tús a Chur le Timthriall Athbhreithnithe agus Forbartha le haghaidh Chur Chun Cinn na Folláine ó scoileanna a thaispeánann an dea-chleachtas. gov – Machnaimh ar an bPróiseas Féinmheastóireachta Scoile (FMS) a Úsáid chun Tús a Chur le Timthriall Athbhreithnithe agus Forbartha le haghaidh Chur Chun Cinn na Folláine (www.gov.ie)

**Conas is féidir leat do spéis in Neart a chlárú:** Comhlánaigh an chlófhoirm ghairid seo (anseo), rud lena gclárófar do spéis i dtuilleadh faisnéise a fháil faoi na comhpháirteanna cláir a bhfuil an spéis is mó agat iontu, de réir mar a chuirtear ar fáil iad. Is féidir breac-chuntas níos mine ar gach ceann de na comhpháirteanna cláir a aimsiú anseo (anseo). Cuir an fhaisnéis seo ar aghaidh chuig do chomhghleacaithe foirne i do scoil freisin.

## Amlíne le haghaidh scaoileadh na réimsí cláir do scoileanna ó mhí Eanáir 2025 ar aghaidh:

| Spriocphobal | Réimsí cláir | Cur chuige | Ar fáil ó... |
|---|---|---|---|
| **Ríomhfhoghlaim do bhaill foirne scoile** | **Tacú leis an meabhairshláinte agus leis an bhfolláine i suíomh na scoile** | Cúrsa ríomhfhoghlama féins-tiúrtha uair amháin an chloig | Eanáir 2025 |
| | **An fhoghlaim sa mheabhairshláinte agus san fholláine a stiúradh** | Cúrsa ríomhfhoghlama féins-tiúrtha uair amháin an chloig | Eanáir 2025 |
| | **An imní a thuiscint sa seomra ranga** | Cúrsa ríomhfhoghlama féins-tiúrtha uair amháin an chloig | Eanáir 2025 |
| **Seimineáir Ghréasáin do bhaill foirne scoile** | **Tacú le meabhairshláinte na ndaltaí LADTIA+[1]** | Seimineár Gréasáin beo uair amháin an chloig | Márta 2025 |
| | **Féin-atrua mar straitéis le haghaidh féinchúraim do bhaill foirne scoile** | Seimineár Gréasáin beo uair amháin an chloig | Aibreán 2025 |
| | **Cineálacha cur chuige trámabhu-naithe do bhaill foirne scoile *(arna bhforbairt agus arna soláthar i gcomhpháirt le SNSO)*** | Seimineár Gréasáin beo uair amháin an chloig | Aibreán 2025 |
| | **An chorpíomhá agus timpeallacht scoile chorpmhuiníneach a chruthú** | Seimineár Gréasáin beo uair amháin an chloig | Meán Fómhair 2025 |

[1] Tabhair faoi deara go bhfuil obair ar bun chun tacaí agus acmhainní a fhorbairt do scoileanna i ndáil le meabhairshláinte agus folláine na ndaltaí ó ghrúpaí mionlaigh eile, ar aon dul le tosaíochtaí cuimsithe shóisialta na Roinne Oideachais. Beidh na tacaí sin ar fáil i mbliain 2 de Neart, eadhon an bhliain 2025/26.



| Spriocphobal | Réimsí cláir | Cur chuige | Ar fáil ó... |
|---|---|---|---|
| **Oiliúint múinteoirí chun cláir rangbhunaithe a sholáthar do dhaltaí** | ***An Clár Take Action!***<br>Clár Gaisce 13 seachtaine atá faoi stiúir ag an múinteoir do dhaltaí Idirbhliana | Cúrsa ríomhfhoghlama féinstiúrtha uair amháin an chloig | Eanáir 2025 |
| | ***Let's Talk Sure Why Not?***<br>Ceithre sheisiún rangbhunaithe atá faoi stiúir ag an múinteoir do dhaltaí sraithe sóisearaí sa tríú bliain | Cúrsa ríomhfhoghlama féinstiúrtha uair amháin an chloig do mhúinteoirí chun tacú leo ceithre sheisiún rangbhunaithe a sholáthar | Feabhra 2025 |
| | ***Strus Scrúduithe a Bhainistiú***<br>Ceithre sheisiún rangbhunaithe atá faoi stiúir ag an múinteoir do dhaltaí sraithe sóisearaí agus do dhaltaí sraithe sinsearaí | Cúrsa ríomhfhoghlama féinstiúrtha uair amháin an chloig do mhúinteoirí chun tacú leo ceithre sheisiún rangbhunaithe a sholáthar | Feabhra 2025 |
| | ***Nuáil ar son na Folláine***<br>Clár curaclambhunaithe deich seachtaine atá faoi stiúir ag an múinteoir ina gcuirtear glór na ndaltaí chun cinn do dhaltaí Idirbhliana | Cúrsa ríomhfhoghlama féinstiúrtha dhá uair an chloig agus oiliúint bheo ar líne a mhaireann dhá uair an chloig do mhúinteoirí | Márta 2025 |
| | ***Cara Maith Amháin***<br>Ceithre sheisiún rangbhunaithe atá faoi stiúir ag an múinteoir do dhaltaí sraithe sinsearaí | Cúrsa ríomhfhoghlama féinstiúrtha uair amháin an chloig do mhúinteoirí chun tacú leo ceithre sheisiún rangbhunaithe a sholáthar | Meán Fómhair 2025 |
| | ***An Clár Oideachais Piaraí***<br>Clár oiliúna atá faoi stiúir ag an múinteoir d'oideoirí is piaraí Idirbhliana | Cúrsa ríomhfhoghlama féinstiúrtha 90 nóiméad do mhúinteoirí agus dhá cheardlann oiliúna bheo ar líne a mhaireann dhá uair an chloig | Meán Fómhair 2025 |



| Spriocphobal | Réimsí cláir | Cur chuige | Ar fáil ó... |
|---|---|---|---|
| **D'Fhoirne Tacaíochta Daltaí** | **Cineálacha cur chuige dea-chleachtais agus fianaisebhunaithe i leith an mheabhairshláinte a chur chun cinn i scoileanna** | Seimineár Gréasáin máistir-ranga bheo ar líne a mhaireann uair amháin an chloig (agus atá faoi stiúir ag an gcliniceoir) | Feabhra 2025 |
| | **Glór na ndaltaí a threisiú maidir leis an meabhairshláinte agus an fholláine i scoileanna** | Máistir-rang beo ar líne a mhaireann uair amháin an chloig (agus atá faoi stiúir ag an gcliniceoir) | Márta 2025 |
| | **Tacú leis an gcleachtas trámabhunaithe i scoileanna *(arna bhforbairt agus arna soláthar i gcomhpháirt le SNSO)*** | Máistir-rang beo ar líne a mhaireann uair amháin an chloig (agus atá faoi stiúir ag an gcliniceoir) | Aibreán 2025 |
| | **Caidreamh mar an bonn faoin meabhairshláinte agus an fholláine i scoileanna** | Máistir-rang beo ar líne a mhaireann uair amháin an chloig (agus atá faoi stiúir ag an gcliniceoir) | Meán Fómhair 2025 |
| | **Scoileanna atruacha a fhorbairt** | Máistir-rang beo ar líne a mhaireann uair amháin an chloig (agus atá faoi stiúir ag an gcliniceoir) | Deireadh Fómhair 2025 |
| | **Cineálacha cur chuige caidreamhacha agus atruacha i leith freagairt do thuismitheoirí a bhfuil imní orthu faoi mheabhairshláinte agus folláine a linbh (freagairt do thuismitheoirí atá suaite)** | Máistir-rang beo ar líne a mhaireann uair amháin an chloig (agus atá faoi stiúir ag an gcliniceoir) | Samhain 2025 |
| | **Foireann uirlisí idirghníomhacha ilmheán d'Fhoirne Tacaíochta Daltaí atá dírithe ar na saincheisteanna is mó a thagann i láthair maidir le meabhairshláinte agus folláine daltaí** | Foireann Uirlisí Idirghníomhacha | Meán Fómhair 2025 ar aghaidh |
| | **Seimineáir phearsanta d'Fhoirne Tacaíochta Daltaí (agus iad bunaithe ar an gcontae)** | Seimineáir phearsanta aonlae (atá bunaithe ar an gcontae/ar an Ionad Oideachais) | Deireadh Fómhair go Nollaig 2025 |
| **Do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí** | **Sraith podchraoltaí ar raon saincheisteanna meabhairshláinte a bhfuil spéis ag tuismitheoirí iontu** | Sraith podchraoltaí (podchraoladh amháin in aghaidh na míosa), bunaithe ar chomhairliúchán le tuismitheoirí | Feabhra 2025 ar aghaidh |
| | **Sraith seimineár Gréasáin Síocoideachais do thuismitheoirí ar shaincheisteanna meabhairshláinte** | Sraith seimineár Gréasáin beo do thuismitheoirí, bunaithe ar chomhairliúchán le tuismitheoirí | Márta 2025 ar aghaidh |
| | **Foireann uirlisí idirghníomhacha chun tacú le scoileanna feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí** | Foireann Uirlisí Idirghníomhacha | Meán Fómhair 2025 |

## Naisc chuig tacaí agus acmhainní meabhairshláinte agus folláine atá ann cheana d'iar-bhunscoileanna:

Tá sé tábhachtach a chur in iúl an athuair go bhfuil an clár tacaí, acmhainní agus oiliúna Neart deartha chun na tacaí reatha a soláthraíonn na príomh-gheallsealbhóirí eile oideachais iad d'iar-bhunscoileanna a chomhlánú. Lean na naisc ábhartha thíos chun na hacmhainní agus tacaí sin a rochtain.

**Acmhainní na Roinne Oideachais:**

- Folláine san Oideachas (ar an suíomh seo, tugtar rochtain ar raon leathan faisnéise agus tacaí folláine do scoileanna, do dhaltaí agus do thuismitheoirí).
- Eolaire Foghlama Gairmiúla Múinteoirí – gov.ie – Faisnéis folláine do bhaill foirne scoile – iar-bhunscoil
- Catalóg acmhainní – gov.ie – Faisnéis folláine do bhaill foirne scoile – iar-bhunscoil

**Acmhainní SNSO:**

- Acmhainní agus Foilseacháin ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)
- Treoirlínte, Leideanna agus Bileoga Faisnéise na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) do Thuismitheoirí agus do Mhúinteoirí, a n-áirítear na nithe seo a leanas leo:
  - Tacaíocht folláine do dhaltaí Ardteistiméireachta, do thuismitheoirí agus do bhaill foirne scoile
  - Acmhainní Teagmhas Criticiúil ar gov.ie
  - Freagairt don Fhéindochar i Scoileanna
  - Garchabhair Shíceolaíoch
  - Cártaí mothúchán
  - Strus agus Imní a Bhainistiú
  - Taomanna Scaoill
  - Smaointe, Braistintí agus Iompraíocht a Normalú: Treoir do Bhaill Foirne Scoile
  - An Fhreagairt do Strus: Faisnéis do Bhaill Foirne Scoile
  - Féinrialáil do dhaltaí
  - Treoirlínte d'Fhoirne Tacaíochta Daltaí
  - Tacaí folláine do dhaltaí ón Úcráin (Daltaí Bunscoile agus Daltaí Iar-bhunscoile)
  - Faisnéis folláine do scoileanna: An Úcráin

**Oiliúint ríomhfhoghlama SNSO:**

- Tús Eolais a Thabhairt ar Chur Chuige Trámabhunaithe: An Fachtóir Struis – An Chothromaíocht a Aimsiú i gCeart: Cúrsa Ríomhfhoghlama SNSO do Scoileanna
- Modúl ríomhfhoghlama ar Theagmhais Chriticiúla do scoileanna

**Acmhainní ábhartha eile folláine:**

- CNCM: Curaclam agus acmhainní OSPS na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí: Baile – An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus OSPS | Curriculum Online agus https://www.curriculumonline.ie/senior-cycle/sphe-old/sphe-toolkit/
- Tacaí folláine ó Oide: https://oide.ie/post-primary/home/wellbeing/
- Féinchúram agus an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe do bhaill foirne scoile a sholáthraíonn Spectrum.Life: gov.ie – An tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta (www.gov.ie)

**Faisnéis agus acmhainní eile:**

- Tacaí Meabhairshláinte ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Tá acmhainní, ailt agus tacaí eile Jigsaw ar fáil ag jigsaw.ie

Neart

Supporting mental health in post-primary schools

# Paca faisnéise Neart
## do cheannairí scoile

An Roinn Oideachais
Department of Education

JIGSAW Young people's health in mind